Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

S54AT

*Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2006*

# *Teicneolaíocht Ábhar - Adhmad*
## *Ardleibhéal*
## *Roinn A* *(40 Marc)*

***Dé Luain 19 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2.00 - 4.00***

***Treoracha***

*(a) Freagair* ***16 cheist*** *ar bith.*
*(b) Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*
*(c) Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh.*
*(d)* ***Cuir ar ais*** *an leabhrán seo i ndeireadh an scrúdaithe.*
*(e) Scríobh do scrúduimhir sa spás atá ann di ar gach bileog a úsáidtear.*

***Scrúduimhir:***


| Uimhir an Ionaid |
|---|
| |

| Roinn A | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4(a) nó 4(b) | |
| 5 | |
| Móriomlán | |

# ROINN A - 40 MARC

***Freagair 16 cheist ar bith ón roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.***

**1.** (i) Ainmnigh an uirlis chumhachta a thaispeántar sa léaráid.




**FREAGRA**

(ii) Luaigh feidhm **AMHÁIN** a bhaintear as an uirlis seo.

**FEIDHM**

**2.** Taispeánann an léaráid clár adhmaid a bhfuil díchumadh air feadh a leithid.




(i) Cén t-ainm coitianta a thugtar ar dhíchumadh mar sin?


**FREAGRA**

(ii) Cad is cúis le díchumadh i gclár mar seo?

**FREAGRA**

**3.** (i) Sna spásanna a thugtar, ainmnigh an dá shliotán scriú a thaispeántar sna léaráidí.






**A** **B**

(ii) Luaigh buntáiste **AMHÁIN** atá ag an sliotán **A** thar an sliotán **B**.

**FREAGRA**


**4.** Tar éis poll a tholladh sa phíosa adhmaid a léirítear sa léaráid fágadh corra garbha spiacánacha ann.



Mol modh amháin a d’fhéadfaí a úsáid chun cosc a chur leis sin.

**FREAGRA**

**5.** (i) Ainmnigh an clár monaraithe a thaispeántar sa léaráid.




**FREAGRA**

(ii) Luaigh buntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le clár monaraithe mar sin.

**BUNTÁISTE**


**6.** Is é an **BASTA** an tsraith thanaí de chealla a bhíonn suite faoi choirt crainn.





Cén fheidhm atá leis an mbasta?

**FEIDHM**

**7.** Taispeánann na léaráidí scáthphictiúir agus síolta trí chrann choitianta Éireannacha. Ainmnigh na crainn sna spásanna a thugtar.



**A**




**B**



**C**

**8.** (i) Ainmnigh an uirlis adhmadóireachta a thaispeántar sa léaráid.




**FREAGRA**

(ii) Cén fheidhm atá leis an uirlis seo?


**FEIDHM**

**9.** Taispeánann an léaráid sceitse neamhiomlán isiméadrach scartha d'alt corrógach moirtíse agus tionúir.

Críochnaigh an sceitse den alt seo.



**10.** (i) Ainmnigh an mheicníocht ghiair a thaispeántar sa léaráid.



**FREAGRA**


(ii) Ainmnigh meaisín adhmadóireachta ina mbaintear úsáid as meicníocht mar seo.

**FREAGRA**

**11.** Baintear úsáid fhorleathan as **CAM** sa tionscal táirgthe troscáin. Cad dó a seasann gach ceann de na litreacha sa ghiorrúchán **CAM**?

**C** **A** **M**

**12.** (i) Ainmnigh an uirlis a thaispeántar sa léaráid.




**FREAGRA** [ ]

(ii) Cén fheidhm atá leis an uirlis seo?

**FEIDHM** [ ]

**13.** Taispeánann an léaráid puball agus é daingnithe ar an talamh le rópaí.

Cad é ainm ceart an fhórsa atá ag gníomhú ar na rópaí?



**FREAGRA** [ ]


**14.** Taispeánann na léaráidí roinnt rudaí a dhéantar as plaistigh.



Meaitseáil gach ceann de na rudaí a thaispeántar leis an bplaisteach is oiriúnaí chun é a dhéanamh.

**PLAISTEACH GLOINE THREISITHE** [ ]
**POLAIVINILCLÓIRÍD** [ ]
**NÍOLÓN** [ ]

**15.** (i) Ainmnigh an uirlis a thaispeántar sa léaráid.




**FREAGRA** [ ]

(ii) Luaigh úsáid chuí don uirlis seo.

**FREAGRA** [ ]

**16.** (i) Ainmnigh na páirteanna den deil adhmadóireachta a bhfuil na lipéid **A** agus **B** orthu sa léaráid.




**A** [ ]

**B** [ ]

(ii) Luaigh feidhm **AMHÁIN** le gach ceann den dá pháirt **A** agus **B**.

**FEIDHM A** [ ]

**FEIDHM A** [ ]

**17.** Taispeánann an léaráid bosca seodra a bhfuil veinír air.




(i) Mol greamachán cuí leis an veinír a ghreamú air.

**GREAMACHÁN** [ ]

(ii) Tabhair cúis **AMHÁIN** leis an ngreamachán sin a roghnú.

**CÚIS** [ ]

**18.** Taispeántar feistiú coitianta adhmadóireachta sa léaráid.




(i) Ainmnigh an feistiú.

**FREAGRA** [ ]

(ii) Luaigh buntáiste amháin a bhaineann le feistiú mar seo a úsáid.

**BUNTÁISTE** [ ]

**19.** Taispeánann an léaráid barr plocóide.




(i) Ainmnigh na teirminéil phlocóide atá marcáilte le **P** agus le **Q**.


**P** ____________________

**Q** ____________________

(ii) Cén fheidhm atá leis an gcomhbhall atá marcáilte le **R**?

**FEIDHM** ____________________

**20.** Taispeánann an léaráid raca leabhar do bharr deisce.




Críochnaigh an liosta gearrthacha don raca leabhar. (Tá an t-ábhar uile 20 mm ar tiús.)

| **Cur Síos** | **Uimhir** | **F** | **L** | **T** |
|---|---|---|---|---|
| Bonn | 1 | 300 | | 20 |
| Sleasa | | | 150 | 20 |
| Ráille | 1 | | 50 | |

**Cuir ar ais an leabhrán seo i ndeireadh an scrúdaithe.**

**LEATHANACH BÁN**